# Ceacht a Ceathair — An maith leat é? 
# Lesson Four — Do you like it? 

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad é? | What is it? |
| | Cad é seo? | What is this? |
| | Cad é sin? | What is that? |
| | Is *cupán* é. | It's a *cup*. |
| | Cad iad seo? | What are these? |
| | Is *cupáin* iad. | They're *cups*. |
| **2.** | An *cupán* é seo? | Is this a *cup*? |
| | Sea. | Yes [it is so]. |
| | Is *cupán* é. | It's a *cup*. |
| | Ní hea. | No [it is not so]. |
| | Ní *cupán* é. | It's not a *cup*. |
| | Ní *cupán* é, ach *gloine*. | It's not a *cup*, but rather a *glass*. |
| **3.** | Is maith liom *líomanáid*. | I like *lemonade*. |
| | Ní maith liom *líomanáid*. | I don't like *lemonade*. |
| | An maith leat *líomanáid*? | Do you like *lemonade*? |
| | Nach maith leat *líomanáid*? | Don't you like *lemonade*? |
| | Is maith. | Yes [is good]. |
| | Ní maith. | No [isn't good]. |
| | Is breá liom *líomanáid*. | I love *lemonade*. |
| | Is fearr liom *uisce*. | I prefer *water*. |
| | Is fuath liom *líomanáid*. | I hate *lemonade*. |
| | Cad is maith leat? | What do you like? |
| | Cén saghas bia is maith leat? | What kind of food do you like? |
| | Cén saghas bia is fearr leat? | What type of food is your favorite? |
| **4.** | Ba mhaith liom *líomanáid*. | I'd like *lemonade*. |
| | Níor mhaith liom *líomanáid*. | I wouldn't like *lemonade*. |
| | Ar mhaith leat *líomanáid*? | Would you like *lemonade*? |
| | Nár mhaith leat *líomanáid*? | Wouldn't you like *lemonade*? |
| | Ba mhaith. | Yes [would be good]. |
| | Níor mhaith. | No [wouldn't be good]. |
| | B'fhearr liom *uisce*. | I'd prefer *water*. |
| | Cad ba mhaith leat? | What would you like? |
| | Cén saghas bia ba mhaith leat? | What kind of food would you like? |

| | | | |
|---|---|---|---|
| liom | with me | linn | with us |
| leat | with you | libh | with ye |
| leis | with him | leo | with them |
| léi | with her | le Máire | with Mary |

**Comhrá 1**
A: Cad é seo?
B: Is *cupán* é.
A: An *cupán* é seo freisin?
B: Ní hea. Ní *cupán* é, ach *gloine*.

**Conversation 1**
What's this?
It's a *cup*.
Is this a *cup*, too?
Nó. It's not a *cup*, but a *glass*.

**Comhrá 2**
A: An maith leat *uachtar reoite*?
B: Ní maith. Is fearr liom *torthaí*.
A: An maith leat *seacláid*?
B: Is breá liom *seacláid*.

**Conversation 2**
Do you like *ice cream*?
I don't. I prefer *fruit*.
Do you like *chocolate*?
I love *chocolate*.

**Comhrá 3**
A: Ar mhaith leat tae?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom uisce.
A: Ar mhaith leat brioscaí freisin?
B: Ba mhaith. Go raibh maith agat.

**Conversation 3**
Would you like some tea?
No. I'd like some water.
Would you like some cookies, too?
Yes. Thank you.

**Comhrá 4**
A: Ar mhaith leat glasraí?
B: Níor mhaith. Ba mhaith liom prátaí.
A: Nach maith leat glasraí?
B: Is maith, ach b'fhearr liom prátaí anois.

**Conversation 4**
Would you like some vegetables?
I wouldn't. I'd like potatoes.
Don't you like vegetables?
I do, but I'd prefer potatoes now.

**Comhrá 5**
A: Ar mhaith leat feoil?
B: Níor mhaith. Is fuath liom feoil.
A: Cén saghas bia ba mhaith leat?
B: Ba mhaith liom cáis. Is breá liom cáis.
A: Ar mhaith leat torthaí freisin?
B: Ba mhaith, go raibh maith agat.

**Conversation 5**
Would you like some meat?
No. I hate meat.
What kind of food would you like?
I'd like some cheese. I love cheese.
Would you like some fruit, too?
Yes, thank you.

**Comhrá 6**
A: Cén saghas bia ba mhaith libh?
B: Ba bhreá linn sailéad.
A: An maith le Máire iasc?
B: Ní maith. Is fuath léi iasc.
A: Ar mhaith le Seán milseáin?
B: Níor mhaith. Ní maith leis milseáin.

**Conversation 6**
What kind of food would you like?
We'd love some salad.
Does Mary like fish?
No. She hates fish.
Would Sean like some candy?
No, he doesn't like candy.